# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2021-22

An Roinn Oideachais
Department of Education

Is nóta comhairleach achomair é seo do bhainistíocht scoile agus do mhúinteoirí ATF 2021/22. Leagtar amach ann na príomhshocruithe curaclaim agus measúnaithe do scoláirí ATF Bliain 1 agus Bliain 2 don bhliain acadúil 2021/22. Tá mionsonraí breise ar fáil sa treoir Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF): Comhairle Nuashonraithe do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2021/2022 in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais.

## Socruithe maidir le Modúil a chríochnú go sásúil

### ATF Bliain 2 don bhliain acadúil 2021/22

- Ba chóir do scoláirí **ar a laghad dhá Phríomhthasc** a chomhlánú agus tinreamh 90% ar a laghad a bheith acu chun na creidiúintí atá ar fáil do gach modúl a ghnóthú.

### ATF Bliain 1 don bhliain acadúil 2021/22

- Ba chóir do scoláirí **gach ceann de na ceithre Phríomhthasc** a chomhlánú agus tinreamh 90% ar a laghad a bheith acu chun na creidiúintí atá ar fáil do gach modúl a ghnóthú.

### Do Scoláirí ATF Bliain 1 agus Bliain 2 araon

- Ba chóir na torthaí foghlama do gach modúl a chríochnú agus, nuair is ábhartha, de réir chomhairle sláinte poiblí.
- Murar féidir le scoláire freastal ar an scoil mar gheall ar shrian bailí a bhaineann le Covid-19, ba chóir don scoil a bheith solúbtha ina cur chuige maidir le monatóireacht a dheánamh ar thinreamh agus é a thaifeadadh.
- Má tharlaíonn go ndúntar scoil go háitiúil agus go mbíonn an fhoghlaim ag tarlú go cianda, ba chóir do scoileanna a chinntiú go mbíonn córas oiriúnach i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na ndaltaí a rianú.
- Cuirtear creidiúintí maidir le modúil a chríochnú go sásúil chuig CSS trí thairseach an AFT, de réir na ngnáthshocruithe.

## Socruithe maidir le Tascanna a chur i gcrích

### ATF Bliain 2 don bhliain acadúil 2021/22

- Seisiún 3: Ba chóir do scoláirí an Tasc Gnóthachtála Praiticiúil a chríochnú **AGUS** an Tasc Gairmoideachais **nó** an Tasc ar Shaincheisteanna Comhaimseartha. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tasc amháin níos lú le déanamh ag scoláirí i mBliain 2 den AFT.
- Seisiún 4: Mar is gnáth, ba chóir do scoláirí an Machnamh Pearsanta (Cuid a Dó) a chomhlánú .

### ATF Bliain 1 don bhliain acadúil 2021/22

- Níl aon athrú ar an sceideal chun Tascanna an Scoláire do Bhliain 1 den ATF a chomhlánú.

### Do Scoláirí ATF Bliain 1 agus Bliain 2 araon

- Ba chóir Tascanna an Scoláire a phleanáil agus a mheas de réir chomhairle sláinte poiblí is nuashonraithe ag an am.
- Beidh na socruithe chun na tascanna a scrúdú, lena n-áirítear agallaimh, bunaithe ar an gcomhairle sláinte agus sábháilteachta is nuashonraithe ag an am.

## Socruithe maidir leis na Scrúduithe Deiridh a chur i gcrích

**Scrúduithe scríofa:**

- Ní bheidh aon choigeartú ar na páipéir scrúdaithe dheiridh.
- Cuirfear scálú, de réir fachtóra 1·15 i bhfeidhm ar an marc a bhronnfar ar chomhpháirt an scrúdaithe scríofa.

**Comhpháirteanna breise (obair chúrsa praiticiúil, tástálacha feidhmíochta praiticiúla agus scrúduithe béil):**

- **Obair chúrsa phraiticiúil** sna speisialachas ghairme ATF a leanas: Grafaic/Tógáil, Innealtóireacht, Teicneolaíocht, Cúram Leanaí/Cúram Pobail agus Ceardaíocht & Dearadh an AFT – déanfar iad seo a shocrú faoi réir comhairle sláinte poiblí ag an am. Eiseofar gach coimre nach n-eisítear ag tús na bliana chuig scoileanna níos luaithe ná mar is gnách.
- **Trialacha feidhmíochta praiticiúla** – tarlóidh siad seo mar is gnáth faoi choinníollacha scrúdaithe, faoi réir comhairle sláinte poiblí.
- **Scrúduithe/trialacha béil –** déanfar iad seo faoi choinníollacha scrúduithe agus faoi réir comhairle sláinte poiblí.

## Nuashonraithe curaclaim AFT Bliain 1 – Tuairisceoirí don Mhodúl ATF

Tabharfar isteach ceithre thuairisceoirí don mhodúl AFT i mí Mheán Fómhair 2021. Is iad sin:

- Béarla agus Cumarsáid,
- Feidhmeanna Matamaiticiúla,
- Tús Eolais ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide – Speisialachas.

Tá teacht ar na tuairisceoirí modúl ag curriculumonline.ie/Senior-cycle/LCA/?lang=ga-ie
Cuirfidh an SFGM Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil chun tacú le tabhairt isteach na modúil nua.

## Pleanáil do thaithí oibre don bhliain acadúil 2021/22

- Cuimsíonn an tseachtain scoile 28 uair an chloig teagaisc, ar a laghad, lena n-áirítear taithí oibre. Le linn an chláir dhá bhliain, caithfidh scoláirí AFT dhá mhodúl éigeantacha ar a laghad de thaithí oibre a dhéanamh
- Táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí an taithí oibre i dtimpeallacht oibre. Má bhíonn moill ar rochtain ar thaithí oibre, nó má bhíonn deacrachtaí ag scoláire taithí oibre a aimsiú mar gheall ar COVID-19, b'fhéidir go mbeidh gá ar an tslí ina ndéantar an príomhthasc a chur i gcrích a oiriúnú do na modúil éigeantacha.
- Féadfar cuir chuige mhalartacha maidir le taithí oibre a chur san áireamh lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí oideachais, Meantóireacht agus Oiliúint ar líne.

## Tacaíochtaí Breise

- Beidh raon tacaíochtaí AFT ar fáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) do chomhordaitheoirí agus do mhúinteoirí nua.
- Cuirfear tús le sraith iomlán tacaíochtaí ón SFGM go luath sa bhFómhar 2021. Cuimseoidh siad seo raon seimineár, seimineár gréasán agus comhoibrithe go náisiúnta.
- Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.pdst.ie